# 20 Ranníocaíochtaí ÁSPC ó dhaoine féinfhostaithe

**20.1** Tá ranníocaíochtaí Árachais Shóisialta Pá-Choibhneasa (ÁSPC) iníoctha ar thuilleamh beagnach gach duine atá in aois oibre.[1] Íoctar na ranníocaíochtaí ÁSPC isteach sa Chiste Árachais Shóisialaigh, óna maoinítear raon leathan sochar agus pinsean árachais shóisialta.[2] In 2016 bailíodh nach mór €9.2 billiún de ÁSPC.

**20.2** Is ann d'aicmí difriúla ranníocaíochtaí ÁSPC, a bhfuil rátaí éagsúla ag baint leo. De ghnáth, déantar aicme na ranníocaíochta ÁSPC a shocrú trí thagairt do nádúr fostaíochta an duine. Tá tábhacht ag baint le haicmiú an duine ó thaobh ÁSPC de toisc go mbeidh feidhm ag an aicmiú sin ar an ráta ÁSPC a íocfaidh sé ar a thuarastal nó ar a chuid ioncaim, agus ar na sochair agus/nó pinsin árachais shóisialta a bhféadfadh sé teacht chun bheith ina dteideal. Mar sin, tá aicmiú mícheart daoine dliteanacha ina phríomhriosca d'fháltais ÁSPC.

**20.3** Is í an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (an Roinn) atá freagrach as an gcóras ÁSPC agus is í an t-eadránaí deiridh í i ngach a mbaineann le cúrsaí inárachaitheachta. Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim an ÁSPC thar ceann na Roinne faoi chonradh gníomhaireachta.[3]

**20.4** San imscrúdú seo, déantar athbhreithniú ar an méid seo a leanas

- aicmiú ÁSPC agus treochtaí le déanaí sna ranníocaíochtaí ÁSPC
- na nósanna imeachta atá i bhfeidhm ag an Roinn lena dhearbhú gur cuí a bhíonn na haicmí ÁSPC arna socrú ag fostóirí agus ag daoine aonair féinfhostaithe
- leordhóthanacht na socruithe atá i bhfeidhm idir an Roinn agus na Coimisinéirí Ioncaim maidir le bailiú agus réiteach na bhfáltas ÁSPC.

## Aicmí ÁSPC

**20.5** Is ann do 11 aicme dhifriúla ÁSPC (féach Iarscríbhinn 20A). Déantar an t-aicmiú ÁSPC ar bhonn féinmheasúnaithe. Is é an duine/an fostóir a chinneann an aicme ÁSPC is infheidhme. Is in aicmí A, S nó M a bhí 96% de líon iomlán na ranníocóirí ÁSPC in 2016 (féach Fíor 20.1).


1 D'fhéadfadh ioncam neamhthuillte a bheith faoi dhliteanas ÁSPC chomh maith.

2 Braitheann an teidlíocht chun sochar ar cibé acu an bhfuil líon áirithe ranníocaíochtaí déanta ag an éilitheoir, nó an bhfuil a leithéid de ranníocaíochtaí curtha dá shochar, laistigh de thréimhse shonraithe ama.

3 Íocann an Roinn táille ghníomhaireachta bhliantúil leis na Coimisinéirí Ioncaim i leith na gcostas a thabhaíonn siad le linn an ÁSPC a bhailiú. Muirear ar an gCiste Árachais Shóisialaigh is ea an táille sin.

,

**Fíor 20.1 Ranníocóirí ÁSPC de réir aicme, 2016[a, b, c]**




Foinse: An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

Nótaí:
a Sonraí sealadacha atá sna sonraí maidir le 2016.
b Is féidir le daoine aonair a bheith aicmithe i níos mó ná aicme ÁSPC amháin. Tá an líon ranníocóirí thuas bunaithe ar phríomhaicme gach duine aonair.
c Tá 'Eile' comhdhéanta de na haicmí ÁSPC B, C, D, E, H, J, K agus P, chomh maith le ranníocaíochtaí saorálacha.

**20.6** Ní gá ranníocaíochtaí a dhéanamh i gcás aicme M agus baineann sí go príomha le tuilleamh fostaithe atá faoi bhun 16 bliana d'aois nó os cionn 66 bliain d'aois, mar aon le daoine atá ag fáil pinsean ceirde. Is é an sochar díobhálacha ceirde an t-aon sochar a bhféadfadh ranníocóirí aicme M teacht chun bheith ina theideal.

**20.7** Cé gurb ionann ráta ranníocaíochta an fhostaí i gcás aicme A agus aicme S (4%), ní aon d'aon ranníocaíocht fostóra i gcás aicme S. Is é 10.85% an ranníocaíocht fostóra faoi láthair le haghaidh aicme A agus tá fostóirí faoi dhliteanas an méid sin a íoc ar phá ináirithe a gcuid fostaithe.[1] Is na fostóirí a íocann thart ar 74% de na fáltais ÁSPC ar an iomlán.

**20.8** D'fhéadfadh an difríocht idir na rátaí ranníocaíochta fostóra dreasú eacnamaíoch a chruthú do dhaoine aonair dul leis an bhféinfhostaíocht. Tá curtha i láthair i bhFíor 20.2 achoimre ar na himpleachtaí cánach agus ÁSPC a bheadh ann, cuir i gcás, d'fhostaí ÍMAT, do dhuine aonair féinfhostaithe agus do dhuine atá ag feidhmiú trí struchtúr cuideachta (tá an anailís iomlán le fáil in Iarscríbhinn 20B). Ba chóir a thabhairt faoi deara, cé go bhfuil daoine féinfhostaithe faoi dhliteanas ráta ranníocaíochta níos ísle a íoc, nach bhfuil siad i dteideal na sochar céanna árachais shóisialta (féach Iarscríbhinn 20A).

1 Tá Tobhach an Chiste Náisiúnta Oiliúna (0.8%) san áireamh agus bailítear in éineacht le ÁSPC an fhostóra é i gcás aicmí A agus H. Sa chás inar lú tuilleamh seachtainiúil an fhostaí ná €376, is é 8.6% ráta ranníocaíochta an fhostóra, Tobhach an Chiste Náisiúnta Oiliúna san áireamh.

**Fíor 20.2 Achoimre – Léiriú ar éifeacht an stádais fostaíochta ar an méid cánach agus ÁSPC is iníoctha**

| | Oibrí ÍMAT | Duine aonair féinfhostaithe | Trí struchtúr cuideachta |
|---|---|---|---|
| |  |  |  |
| **Ioncam** | €100,000 | €100,000 | €100,000 |
| **Cáin dlite** | €29,790 | €26,070 | €26,779 |
| **ÁSPC dlite — fostaí** | €4,000 | €3,578 | €3,200 |
| **— fostóir** | €10,850 | — | — |
| **Iomlán na bhfáltas** | **€44,640** | **€29,648** | **€29,979** |

Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Fáltais ÁSPC

**20.9** Is iad na Coimisinéirí Ioncaim a bhailíonn na fáltais ÁSPC thar ceann na Roinne. An t-ioncam a fhaigheann fostaithe, is iondúil go dtugann na Coimisinéirí Ioncaim 'ioncam Sceideal E' air chun críocha cánach. Tugann an fostóir tuairisceáin rialta do na Coimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach na ranníocaíochtaí ÁSPC a bhaintear amach as ioncam an fhostaí, chomh maith leis na ranníocaíochtaí ÁSPC a dhéanann an fostóir. Tá aicme A sa chatagóir sin.


**20.10** I gcás ioncam a bhaineann le féinfhostaíocht, úsáidtear an téarma 'ioncam Sceideal D' den chuid is mó. Cuirtear aicme S de ÁSPC i bhfeidhm ar ioncam den sórt sin. I measc na ndaoine a dhéanann ranníocaíochtaí aicme S tá

- trádálaithe aonair, daoine i gcomhpháirtíochtaí, conraitheoirí agus fochonraitheoirí
- daoine a fhaigheann ioncam ó infheistíochtaí nó ó chíos, nó a fhaigheann íocaíochtaí cothabhála
- fostaithe atá féinfhostaithe freisin
- stiúrthóirí cuideachta áirithe, agus daoine eile, a íocann cáin tríd an gcóras ÍMAT
- ealaíontóirí agus feighlithe leanaí áirithe atá díolmhaithe ón gcáin ioncaim.

### *Treochtaí le déanaí sna fáltais ón ÁSPC*

**20.11** Tá léirithe i bhFíor 20.3 (thíos) na treochtaí i bhfáltais ÁSPC aicme S agus i bhfáltais ÁSPC eile a aistríodh isteach sa Chiste Árachais Shóisialaigh le himeacht na tréimhse ó 2007 go 2016.

**Fíor 20.3 Innéacs fháltais ÁSPC aicme S agus na bhfáltas ÁSPC eile, 2007 go 2016**





Foinse: An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

Nóta: a Tá san áireamh faoi ÁSPC Aicme S mar atá leagtha amach thuas ÁSPC Aicme P, rud nár íoc ach 10 ranníocóir in 2015.

**20.12** Cé go raibh 10% de na ranníocóirí uile ina ranníocóirí aicme S in 2016, ní raibh na fáltais a fuarthas uathu ach beagán faoi bhun 7% de na fáltais ÁSPC uile a bailíodh in 2016 (féach Fíor 20.4 thíos).

**Fíor 20.4 Fáltais aicme S agus líon na ranníocóirí, 2007 go 2016**




Foinse: An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

Nóta: a Cuireann an Roinn staitisticí i dtoll a chéile ar na fáltais ÁSPC agus iad briste amach faoi na teidil fostaí, fostóir agus féinfhostaithe. Glactar leis gurb ionann na fáltais ÁSPC ó dhaoine féinfhostaithe agus fáltais aicme S. Ní dhéanann an Roinn anailís ar na fáltais ÁSPC de réir aicme.

## Nósanna imeachta lena dhearbhú go mbíonn daoine á n-aicmiú i gceart

**20.13** Is é an fostóir atá freagrach as a chinntiú go ndéantar a chuid oibrithe a aicmiú i gceart ó thaobh ÁSPC de tráth a dtosaíonn siad san fhostaíocht. Ar an gcaoi chéanna, tá daoine féinfhostaithe a dhéanann féinmheasúnú orthu féin freagrach as a chinntiú go bhfuil siad aicmithe i gceart ó thaobh ÁSPC de. Déanfaidh Rannóg Scóipe na Roinne cinneadh ar an aicmiú ceart ach iarraidh orthu déanamh amhlaidh.[1]

**20.14** Is ann do dhá chineál caidrimh fostaíochta, a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar an gcaoi a ndéantar plé leo chun críocha an ÁSPC

- **conradh seirbhíse**[2] — nuair a oibríonn duine mar fhostaí
- **conradh le haghaidh seirbhísí** — nuair nach ann d'aon chonradh seirbhíse ach gurb ann do chomhaontú idir duine aonair féinfhostaithe agus gnólacht le tasc nó tionscadal a dhéanamh.

**20.15** Faoin reachtaíocht leasa shóisialta tugtar cumhacht reachtúil d'Oifigigh Bhreithiúnachta na Roinne inárachaitheacht a chinneadh chun críocha árachas sóisialta. I gcásanna inar gá don Roinn cinneadh a dhéanamh ar cibé acu an bhfuil duine féinfhostaithe, braitheann sí ar an bhfaisnéis agus ar an gcásdlí atá ar fáil. Tá tuilleadh treorach leagtha amach i gcód cleachtais, atá bunaithe ar chásdlí.

### *Fasaigh i ndlí na hÉireann*

**20.16** Ní thugtar sainmhíniú ar na téarmaí 'fostaithe' ná 'féinfhostaithe' i ndlí na hÉireann. Úsáideann an Roinn ceithre phríomhthástáil a d'eascair as an gcásdlí leis an difríocht idir conradh seirbhíse agus conradh le haghaidh seirbhísí a dhéanamh amach.[3]

- an **tástáil rialaithe** — an bhfuil duine eile i gceannas ar an duine agus an dtreoraíonn an duine sin an chaoi, an t-am agus an áit a dtugtar faoin obair?
- an **tástáil chomhtháthaithe** — an bhfuil an t-oibrí ina dhlúthchuid den eagraíocht?
- **tástáil fhrithpháirteachas na hoibleagáide** — an ann d'oibleagáid fhrithpháirteach idir na páirtithe le hobair a chur ar fáil nó le glacadh leis an obair a chuirtear ar fáil?
- **tástáil fhírinne na heacnamaíochta** — cuimsíonn an tástáil seo na tástálacha uile thuas lena mheas an bhfuil an t-oibrí 'ag rith a ghnó ar a chuntas féin'.

### *Cód Cleachtais*

**20.17** Chuir sainghrúpa arna cheapadh ag an Rialtas *an Cód Cleachtais um Stádas Fostaíochta nó Féinfhostaíochta Daoine Aonair a Chinneadh* i dtoll a chéile in 2001.[4] Cuireadh an grúpa ar bun de bharr go raibh imní ann go raibh sé ag éirí ní ba choitianta go rachadh daoine aonair leis an bhféinfhostaíocht cé go raibh neart táscairí ann go mbeadh stádas mar fhostaí i bhfad ní b'oiriúnaí dóibh. Na critéir atá leagtha amach sa Chód i ndáil le féinfhostaíocht a chinneadh, tá siad le fáil in Iarscríbhinn 20C.

**20.18** Déantar gach cás a chinneadh ar a thuillteanas féin. Cinneann an Roinn cibé acu atá nó nach bhfuil fostaíocht inárachaithe faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh, agus má tá, cén aicme ÁSPC is infheidhme agus cé hé an fostóir.

1 Is iad feidhmeanna na Rannóige Scóipe ná cinntí a dhéanamh agus faisnéis a chur ar fáil ar chúrsaí inárachaitheachta fostaíochta de réir an dlí.

2 Níl aon sainmhíniú tugtha ar an téarma 'conradh seirbhíse' sa reachtaíocht. Coincheap de chuid an dlí choitinn is ea é i ndáiríre, atá bunaithe ar phrionsabail a forbraíodh de réir a chéile trí chinntí cúirte.

3 An Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh, *Tuarascáil Bhliantúil 2015*.

4 Rinne an Grúpa Maoirseachta ar an nGeilleagar Dubh an Cód a nuashonrú in 2007.

### *Aicmiú stiúrthóirí cuideachta chun críche ÁSPC*

**20.19** Stiúrthóirí cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta nach gcomhlíonann dualgais ach amháin mar stiúrthóir agus a n-íoctar táillí leo, meastar iad a bheith féinfhostaithe chun críocha an árachais shóisialta. Bíodh sin mar atá, ní rud neamhghnách é go gcomhlíonfadh stiúrthóir cuideachta dualgais feidhmiúcháin sa chuideachta freisin agus go bhfaigheadh sé luach saothair atá neamhspleách ar na táillí arna bhfáil i dtaca leis an stiúrthóireacht. Sa chás sin, d'fhéadfadh sé go ndéanfaí plé leis an ioncam sin mar ioncam a fhaightear mar fhostaí chun críocha an árachais shóisialta. Braitheann cibé acu ar chóir plé a dhéanamh le hioncam mar ioncam féinfhostaithe nó mar ioncam fostaithe ar mhéid na húinéireachta agus ar nádúr na hoibre.

**20.20** Stiúrthóir atá fostaithe i gcuideachta faoi chonradh seirbhíse (cibé acu i scríbhinn nó ó bhéal, sainráite nó intuigthe), bá chóir plé a dhéanamh leis mar dhuine féinfhostaithe chun críocha ÁSPC sa chás gur féidir leis 50% ar a laghad de ghnáth-scairchaipiteal na cuideachta sin a rialú, nó sa chás gurb é 'úinéir tairbhiúil' na cuideachta sin é.[1]

### *Cineálacha socruithe féinfhostaíochta*

**20.21** Tá foirmeacha nua caidrimh seirbhíse tagtha chun cinn le déanaí mar gheall ar an gcaoi ar athraigh nádúr na fostaíochta agus na margaí saothair le blianta beaga anuas. D'fhéadfaí teacht i dtír ar chineálacha áirithe socruithe fostaíochta le dliteanais cánach agus ÁSPC a sheachtain, ach cearta agus dualgais fostaíochta a laghdú ag an am céanna. Tugtar 'fostaíocht faoi bhréagriocht', 'féinfhostaíocht bhréagach' nó 'féinfhostaíocht bhréige' ar a leithéid de shocruithe in amanna.[2]

**20.22** Is féidir leas a bhaint as socruithe idirmheánacha le caidrimh fostaíochta a chur as aithne. Is ann do dhá phríomhchineál struchtúir idirmheánaigh.[3, 4]

- Cuideachtaí seirbhíse pearsanta (CSP) — Aontaítear conradh le haghaidh seirbhísí idir an fostóir agus cuideachta idirmheánach (an CSP), atá faoi úinéireacht/faoi stiúir an oibrithe. Déantar íocaíochtaí as na seirbhísí leis an CSP agus, mar sin, is é an t-oibrí atá freagrach as na hasbhaintí cánach agus ÁSPC, duine ar féidir leis a chinneadh ansin cá mhéad is mian leis a fhógairt mar phá agus mar bhrabús. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh socruithe den sórt sin a bheith ina meicníocht a chuireann ar chumas an fhostóra agus an oibrithe araon cáin agus ÁSPC a sheachaint a bheadh dlite murach iad.
- Cuideachtaí seirbhísí bainistithe (CSB) — Tá i gceist leis an socrú seo cuideachta a chur ar bun, a bhíonn struchtúrtha thart ar líon oibrithe (a bhíonn ina scairshealbhóirí sa chuideachta), a chuireann nó nach gcuireann seirbhísí cosúla ar fáil don fhostóir céanna. Is iondúil go n-éascaíonn gníomhaire tríú páirtí feidhmeanna riaracháin na cuideachta ach ní mheastar gur gníomhaireacht fostaíochta é. Ar an gcaoi sin, ní mheastar gurb é an gníomhaire an fostóir, agus is faoi na scairshealbhóirí a bhíonn na hasbhaintí cánach agus ÁSPC.

### *Treochtaí earnála*

**20.23** Mar chuid den imscrúdú seo, iarradh anailís ar na hearnálacha ina bhfeidhmíonn ranníocóirí aicme S ar an Roinn agus ar na Coimisinéirí Ioncaim araon. Mar sin féin, ní raibh tacar iomlán de shonraí earnála le fáil go héasca i ndáil le ranníocóirí féinfhostaithe, de bharr nach gcoinníonn an Roinn ná na Coimisinéirí Ioncaim bunachar sonraí maidir le ranníocóirí aicme S de réir earnáil gníomhaíochta.[5]

1 Alt 16 den Acht Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013. Sular tháinig an Acht sin i bhfeidhm, rinne an Roinn aicme ÁSPC stiúrthóirí cuideachta a mheas ar bhonn cás ar chás.

2 Tugadh an Bille um Thoirmeasc ar Fhéinfhostaíocht Bhréige os comhair na Dála i mí an Mhárta 2018. Bille ó chomhalta príobháideach is ea é sin atá ceaptha fostóirí a dhíspreagadh ó chonarthaí bréige a dhéanamh i gcomhair seirbhísí agus ceart sásaimh a thabhairt d'oibrithe sa chás go bhfuil siad páirteach i gconradh bréige amhrasta i gcomhair a gcuid seirbhísí. An Bille um Chaomhnú Fostaíochta (Bearta chun Cur i gCoinne Bréag-Fhéinfhostaíochta), 2018, ar bille ó chomhalta príobháideach é chomh maith, tá sé ar chéim an choiste sa Seanad faoi láthair.

3 *Úsáid struchtúir idirmheánacha agus socruithe féinfhostaíochta: Na himpleachtaí d'Ioncam Árachais Shóisialta agus Cánach* – An Roinn Airgeadais agus an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (Eanáir 2018)


4 I roinnt mhaith cásanna ina n-úsáidtear struchtúir idirmheánacha, tá na daoine aonair féinfhostaithe go dlisteanach.

5 Chuir na Coimisinéirí Ioncaim sonraí earnála ar fáil don fhoireann imscrúdaithe maidir le thart ar leath de na ranníocóirí ÁSPC féinfhostaithe arbh mhó a n-ioncam neamh-ÍMAT ná a n-ioncam ÍMAT.

## Gníomhaíocht Chomhlíonta

**20.24** Déanann idir an Roinn agus na Coimisinéirí Ioncaim gníomhaíocht chomhlíonta i ndáil leis an ÁSPC. Tá leagtha amach i bhFíor 20.5 na haonaid agus na gníomhaíochtaí éagsúla atá i gceist leis.

**Fíor 20.5 Comhlíonadh ÁSPC — aonaid a bhfuil ról acu**




Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí:

a Ní dhéanann an Rannóg Scóipe ach plé le cinntí a bhaineann leis an ÁSPC. Ní thugann sí faoi aon obair nach mbaineann leis an ÁSPC.

b Úsáideann an Roinn oifigigh óna Aonad Imscrúdaithe Speisialta agus úsáideann na Coimisinéirí Ioncaim baill foirne óna nAonad Comh-Imscrúduithe le hobair a dhéanamh ar imscrúduithe de chuid an Aonaid Comh-Imscrúduithe (.i. imscrúduithe a bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim, an Roinn agus an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, de réir mar is gá, páirteach iontu).

c Cé nach bhfuil de fhreagracht ar na Coimisinéirí Ioncaim a dheimhniú ná a sheiceáil go bhfuil daoine aicmithe i gceart ó thaobh ÁSPC de, is féidir leo earráidí a thagann chun solais de dhroim idirghabhálacha comhlíonta a chur ina gceart.

d Mar atá leagtha amach sa mheabhrán tuisceana a eisíodh in 2008, chomhaontaigh an Roinn agus na Coimisinéirí Ioncaim go leanfaidís orthu ag feidhmiú an Aonaid Comh-Imscrúduithe. Gníomhaíochtaí de chuid an Aonaid sin atá i gceist leis na gníomhaíochtaí a bhfuil tagairt déanta dóibh sa tuarascáil seo.


### *An Rannóg Scóipe*

**20.25** Déanann Rannóg Scóipe na Roinne athbhreithniú ar aicmiú daoine nuair a fhaigheann iarratas ar chinneadh ó

- duine aonair nó a fhostóir
- cigirí leasa shóisialta a aithníonn i gcúrsa a gcuid oibre go bhfuil gá le cinneadh
- baill foirne de chuid na Roinne agus éilimh á bpróiseáil acu
- na Coimisinéirí Ioncaim.

**Fíor 20.6 Athbhreithniú na Roinne ar aicmiú ÁSPC, 2013 go 2017**

***Tháinig laghdú bliain ar bhliain ar líon na gcinntí a d'eisigh an Roinn...***




Foinse: An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

**20.26** Chuir an Roinn in iúl gur tháinig laghdú ar líon na gcinntí de bharr gur tháinig méadú tobann, suntasach ar líon na gcinntí a rinneadh tar éis tabhairt isteach reachtaíochta nua in 2013, a d'fhág go raibh fostaithe stiúrthóra a raibh scairshealbhú 50% acu ina ranníocóirí aicme S chun críocha an árachais shóisialta. Tá líon na gcinntí ar aon dul arís leis na leibhéil a bhí ann sular tugadh isteach an reachtaíocht nua.

### *Torthaí an athbhreithnithe*

**20.27** Mar chuid den imscrúdú seo, roghnaíodh sampla de 35 cinneadh a rinne an Rannóg Scóipe in 2017 le hathbhreithniú a dhéanamh orthu. Bhí fianaise sna comhaid a ndearnadh athbhreithniú orthu a chuir bonn faoi na cinntí a rinne an Rannóg Scóipe.

**20.28** Cinntíodh i 34 ceann de na 35 cás gurbh í aicme S an aicme cheart don duine. Sa chás eile cinntíodh gurbh í aicme M an aicme cheart de bharr go raibh an fostaí fostaithe ag a c(h)éile/p(h)áirtnéir sibhialta. I 14 cinn de na cásanna a ndearadh athbhreithniú orthu, socraíodh go huathoibríoch gurbh í aicme S an aicme cheart de bharr gur stiúrthóir é an duine a raibh breis is 50% de scaireanna na cuideachta ina sheilbh. Dhá cheann eile de na cásanna aicme S, ba ranníocóirí féinfhostaithe eisc the iad.[1] Bhain 7 gcinn de na cásanna le comhpháirtíochtaí cúlghabhálacha.[2] Ní dhearnadh aon cheann de na cásanna a athaicmiú ó aicme S (féinfhostaithe) go haicme A (fostaithe). Ní dhearnadh achomharc i gcoinne aon cheann de na cinntí a ndearadh athbhreithniú orthu.[3]

**20.29** I 24 de na cásanna a ndearnadh athbhreithniú orthu, tugadh aisíocaíocht don fhostóir as ÁSPC aicme A a d'íoc sé roimhe sin. Sna cásanna a bhain le comhpháirtíochtaí cúlghabhálacha, comhroinneadh idir na comhpháirtithe an ÁSPC a d'íoc siad as bheith ina dtrádálaithe aonair.

1 Leis an Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2014 rinneadh 'ranníocóirí féinfhostaithe eiscthe' a leasú le céile/páirtnéir sibhialta ranníocóra fhéinfhostaithe a chur san áireamh sa chás go nglacann sé nó sí páirt sa ghnó chomh maith agus go ndéanann na feidhmeanna cúntacha céanna ach nach comhpháirtí gnó é nó í, rud a fhágann gur féidir é nó í a chur in aicme S.

2 Aithnítear comhpháirtíocht chúlghabhálach nuair a chruthaítear do chigire leasa shóisialta gurbh ann do chomhpháirtíocht agus go ndearna an céile inmheasúnaithe tuairisceáin chánach mar thrádálaí aonair/fheirmeoir/shiopadóir agus, roinnt blianta ina dhiaidh sin, go bhfuil á maíomh ag an mbeirt chéilí go bhfuil siad i gcomhpháirtíocht le fada an lá. Is éard is aidhm leis an bhforáil sin ná go mbeadh taifead ÁSPC ag gach céile ar an gcaoi sin.

3 Cinntí maidir le haicme K agus aicme M a chuimsíonn tréimhsí go dtí deireadh 2010, déanann an Roinn iad a thaifeadadh mar K/M leis an tobhach sláinte a chur san áireamh, rud ar

### *Athbhreithniú píolótach na Roinne ar stiúrthóirí cuideachta*


**20.30** Rinne an Rannóg Scóipe athbhreithniú píolótach ar aicme árachais shóisialta stiúrthóirí cuideachta go déanach in 2017 d'fhonn a mheas cibé acu a bheadh nó nach mbeadh fiúntas le hathbhreithniú bliantúil. Roghnaíodh sampla d'fhostóirí ar ranníocóirí aicme S iad le hathbhreithniú a dhéanamh orthu. Tá leagtha amach i bhFíor 20.7 an próiseas a úsáideadh le cásanna a roghnú. Dúirt an Roinn go raibh sé beartaithe go ndéanfadh an t-athbhreithniú measúnú ar a oiriúnaí a bheadh sé sampláil randamach a úsáid in ionad ionadaí samplach den daonra iomlán.

**20.31** Chuir an Roinn fostóirí a raibh duine nó beirt fostaithe aicme S as an áireamh de bharr go raibh gach seans ann gur stiúrthóirí cuideachta iad a raibh breis is 50% den chuideachta faoina n-úinéireacht. Cuireadh fostóirí a raibh ní ba mhó ná deichniúr fostaithe aicme S as an áireamh freisin, ar an mbonn go raibh ina measc institiúidí airgeadais a íocann ranníocaíochtaí ÁSPC féinfhostaithe ar chistí scoir formheasta, chomh maith le cuideachtaí dlí agus sainchuideachtaí eile a chuireann seirbhísí corparáideacha ar fáil. Níor cuireadh ach fostóirí i mBaile Átha Cliath san áireamh le teorainn a chur le líon na bhfostóirí a d'aithneofaí agus le go mbeadh sé ní b'éasca do chigirí leasa shóisialta páirt a ghlacadh dá mba ghá.

**20.32** Níor caitheadh súil ach ar chásanna 13 dhuine aonair tar éis an phróisis roghnúcháin cásanna. Fuarthas amach mar thoradh ar athbhreithniú na Rannóige Scóipe gurbh í aicme S an aicme cheart do na stiúrthóirí ar fad a ndearnadh athbhreithniú orthu.

**20.33** Tháinig roinnt deacrachtaí riaracháin chun solais le linn an phróisis athbhreithnithe, amhail inléiteacht na sonraí teagmhála a breacadh síos, daoine aonair nach raibh ag obair leis an gcuideachta chéanna a thuilleadh agus a dheacra a bhí sé sainaithint a dhéanamh ar stiúrthóirí oibre. I bhfianaise na ndeacrachtaí sin agus de bharr nár tháinig aon mhí-aicmiú chun solais mar thoradh ar an athbhreithniú, tá an Roinn den tuairim go bhfuil an tAonad Comh-Imscrúduithe agus gnáthchlár imscrúduithe Chigireacht Leasa Shóisialta na Roinne níos tairbhí i dtaobh athbhreithniú a dhéanamh ar aicmiú stiúrthóirí cuideachta.

**Fíor 20.7 Athbhreithniú na Roinne ar stiúrthóirí cuideachta — an próiseas roghnúcháin cásanna**




Foinse: An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

### *An tAonad Comh-Imscrúduithe agus an tAonad Imscrúduithe Speisialta*

**20.34** Tá an tAonad Imscrúduithe Speisialta (AISS) sa Roinn freagrach as imscrúdú a dhéanamh ar chalaois leasa shóisialta, neamhchomhlíonadh ÁSPC san áireamh, agus as tuairiscí a thabhairt ina leith sin. Díríonn an tAonad ar idirghabháil dhíreach, gníomhaíocht ard-infheictheachta agus teagmháil dhíreach. Tá 110 ball foirne san Aonad faoi láthair, lena n-áirítear 17 mball den Gharda Síochána atá ar iasacht ann.

**20.35** Ina theannta sin, téann an Roinn agus na Coimisinéirí Ioncaim i gcomhar le chéile i gcomh-imscrúduithe trí Aonad Comh-Imscrúduithe (ACIS). Tagann na baill foirne don aonad sin ó Aonad Imscrúduithe Speisialta na Roinne, ó Aonad Comh-Imscrúduithe na gCoimisinéirí Ioncaim agus ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre.[1] Glacann an tAonad cur chuige comhtháite, ilghníomhaireachta i leith imscrúdú a dhéanamh ar chalaois leasa shóisialta, neamhchomhlíonadh cánach agus sáruithe ar dhlí na fostaíochta. Comhaontaíonn an Roinn agus na Coimisinéirí Ioncaim an clár bliantúil oibre agus iad ag iarraidh béim láidir a leagan ar dhul i ngleic le hearnálacha an scáthgheilleagair, áit a bhfuil calaois leasa shóisialta, neamhchomhlíonadh cánach agus sáruithe ar dhlí na fostaíochta an-fhorleathan. I measc na n-earnálacha ar díríodh isteach orthu in 2017 bhí na hearnálacha iompair agus foirgníochta, bialanna agus mearbhialanna.

**20.36** I gcomhoibríochtaí díríonn na Coimisinéirí Ioncaim ar neamhchomhlíonadh oibleagáidí a bhaineann le cánacha, dleachtanna agus an Muirear Sóisialta Uilíoch (MSU). Nuair a thagann na Coimisinéirí Ioncaim ar mhírialtachtaí cánach agus ÁSPC, déantar meastachán ar an méid cánach agus ÁSPC atá dlite. Is féidir achomharc a dhéanamh leis an gCoimisiún um Achomhairc Chánach i gcoinne meastacháin den sórt sin. Is í an Roinn atá freagrach as neamhchomhlíonadh oibleagáidí ÁSPC agus as a mheas an bhfuil ÁSPC dlite fiú nuair a dhéanann na Coimisinéirí Ioncaim meastachán. Déanann an Roinn meastacháin maidir le mírialtachtaí a thagann chun solais de dhroim comh-imscrúduithe nach mbaineann ach le ÁSPC amháin. Is féidir achomharc a dhéanamh in aghaidh meastacháin den sórt sin leis an Oifig Achomhairc Leasa Shóisialta. Díríonn an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre ar sháruithe ar dhlí na fostaíochta ag fostóirí a aithint agus ar dhul i ngleic lena leithéid de sháruithe.

**20.37** In 2017 bhí an earnáil foirgníochta i lár an aonaigh sna comh-imscrúduithe, chomh maith le hidirghabhálacha comhlíonta na gCoimisinéirí Ioncaim. Mar thoradh ar an ngníomhaíocht sin, fuair na Coimisinéirí Ioncaim €60.2 milliún sa bhreis ón earnáil foirgníochta in 2017. Bhí cánacha párolla ina gcuid den tsuim sin. In 2017 thug na Coimisinéirí Ioncaim 855 cuairt gan fógra roimh ré ar láithreáin tógála, roinnt acu i gcomhar leis an Roinn agus leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre. Mar thoradh ar na cuairteanna sin cuireadh agallamh ar 5,017 conraitheoir, fochonraitheoir agus fostaí. Rinneadh 484 fochonraitheoir a athaicmiú mar fhostaithe dá éis sin. Rinneadh 749 duine aonair a chlárú mar fhostaithe nua chomh maith.

**20.38** Le himeacht na tréimhse ó 2013 go 2017, ní dhearna an tAonad Imscrúduithe Speisialta (lena n-áirítear na gníomhaíochtaí comh-imscrúdaithe) ach beagán ní ba mhó ná 1,100 athbhreithniú ar fhostóirí ar an meán agus ní dhearna an Chigireacht Leasa Shóisialta ach beagán ní ba mhó ná 1,700 athbhreithniú ar fhostóirí ar an meán.[2] An céatadán de na cásanna a bhfuarthas coigiltí mar thoradh ar na hathbhreithnithe a rinne an tAonad Imscrúduithe Speisialta agus an tAonad Aonad Comh-Imscrúduithe orthu, bhí sé idir 4% in 2017 agus 12% in 2013. An céatadán de na cásanna a bhfuarthas coigiltí mar thoradh ar na hathbhreithnithe a rinne an Chigireacht Leasa Shóisialta orthu, bhí sé idir 12% in 2017 agus 48% in 2013.

1 Tá 35 duine in Aonad Comh-Imscrúduithe na gCoimisinéirí Ioncaim. Tá thart ar 2,000 ball foirne i mbun gníomhaíochtaí comhlíonta leis na Coimisinéirí Ioncaim.

2 Is faoi Alt 250 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 a cheaptar Cigirí Leasa Shóisialta agus éilítear orthu éilimh a imscrúdú agus tuairisc a thabhairt orthu, chomh maith le hiniúchtaí a dhéanamh ar fhostóirí lena chinntiú go bhfuil siad ag cloí le rialacha an chórais ÁSPC.

**20.39** Mar chuid den imscrúdú seo, rinneadh athbhreithniú ar 5 chás de chuid an Aonaid Imscrúduithe Speisialta agus 5 chás de chuid an Aonaid Comh-Imscrúduithe. Bailíodh €188,000 de cháin agus ÁSPC breise mar thoradh ar na himscrúduithe sin. Níor thug an fhoireann imscrúdaithe aon fhadhbanna faoi deara i ndáil leis an bpróiseas imscrúdaithe ar an sampla sin.

**20.40** Is féidir saincheisteanna a bhaineann leis an bhféinfhostaíocht a aithint ar bhealaí eile seachas an tAonad Imscrúduithe Speisialta agus an tAonad Comh-Imscrúduithe. Tá cás-staidéar ar na socruithe féinfhostaíochta atá i réim in RTÉ tugtha i bhFíor 20.8.

**Fíor 20.8 Cás-staidéar — Socruithe féinfhostaíochta in RTÉ**

In 2017 d'fhostaigh RTÉ sainchomhairleoir le hathbhreithniú neamhspleách a dhéanamh ar na daoine aonair a bhí ag obair faoi chonarthaí le haghaidh seirbhísí. Tugadh faoin athbhreithniú sin tar éis do cheardchumainn gearáin a dhéanamh go raibh RTÉ tar éis saoroibrithe féinfhostaithe a fháil isteach seachas conradh fostaíochta a thabhairt dóibh agus iad a fhostú mar oibrithe ÍMAT. Chuir Stiúrthóir Acmhainní Daonna RTÉ in iúl don Choiste um Chuntais Phoiblí go ndearnadh athbhreithniú ar na socruithe conartha ó thaobh dhlí na fostaíochta de trí thagairt do threoirlínte na gCoimisinéirí Ioncaim agus an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre araon.

As na 433 conradh le haghaidh seirbhísí a ndearnadh athbhreithniú orthu, measadh go raibh tréithe na fostaíochta ag baint le 25% acu. Cuireadh in iúl sa tuairisc go gcaithfí athbhreithniú ar leith a dhéanamh ar gach ceann de na conarthaí sin. Fuarthas amach freisin go raibh tréithe na fostaíochta agus na féinfhostaíochta araon ag baint le 12% eile de na conarthaí, agus gurbh fhiú athbhreithniú a dhéanamh orthu siúd chomh maith. Moladh sa tuairisc gur cheart do RTÉ beartas nua um fhostú saoroibrithe a thabhairt isteach, agus treoirlínte soiléire a leagan síos ar na cásanna éagsúla ina bhfaigheann sé conraitheoirí isteach agus na cásanna éagsúla ina bhfostaíonn daoine.

Foinse: www.rte.ie agus díospóireachtaí an Choiste um Chuntais Phoiblí — an 3 Bealtaine 2018

## Comhar idir an Roinn agus na Coimisinéirí Ioncaim

### *Meabhrán tuisceana*

**20.41** Déanann na Coimisinéirí Ioncaim obair gníomhaireachta thar ceann ranna agus gníomhaireachtaí rialtais eile. Áirítear leis sin ÁSPC a bhailiú thar ceann na Roinne. In 2017 bhí ÁSPC arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim taobh thiar de 84% d'iomlán na bhfáltas a bailíodh thar ceann gníomhaireachtaí eile.

**20.42** Tá meabhrán tuisceana um chomhar agus cúnamh frithpháirteach i bhfeidhm idir an Roinn agus na Coimisinéirí Ioncaim, rud faoina ndéantar plé le réimse saincheisteanna, an ÁSPC ina measc. Nuashonraíodh an meabhrán in 2017. Tá grúpa ardleibhéil rialachais i bhfeidhm chomh maith, atá comhdhéanta de phearsanra ardbhainistíochta de chuid na Roinne agus na gCoimisinéirí Ioncaim. Tháinig an grúpa sin le chéile den chéad uair i mí na Nollag 2009 agus tá freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar an meabhrán ag deireadh gach bliana. Is éard is aidhm leis an ngrúpa ná an caidreamh ar an leibhéal straitéiseach a neartú, chomh maith le comhar éifeachtach idir an dá eagraíocht a chinntiú.

**20.43** Tá leagtha amach sa mheabhrán na caighdeáin seirbhíse chomhaontaithe, lena n-áirítear na caighdeáin seirbhíse is infheidhme i ndáil le

- rochtain ar fhaisnéis agus sonraí cruinne maidir le custaiméirí a chur ar fáil idir an dá eagraíocht
- bailiú agus aistriú tráthúil an ÁSPC ag na Coimisinéirí Ioncaim thar ceann na Roinne
- comhar gníomhach le dul i ngleic le calaois.

**20.44** D'aontaigh an Roinn agus na Coimisinéirí Ioncaim go ndéanfaidís a chinntiú, oiread agus is féidir, go ndéanfaí léirmhínithe comhsheasmhacha ar chúrsaí inárachaitheachta agus ar shaincheisteanna a bhaineann le conarthaí le haghaidh seirbhísí. Tá sé beartaithe go ndéanfar éascaíocht ar an sprioc sin trí shocruithe idirchaidrimh ar na leibhéil náisiúnta agus áitiúla.

### *Fáltais ÁSPC a bhailiú agus a réiteach*

**20.45** Déanann na Coimisinéirí Ioncaim íocaíochtaí gach lá leis an Roinn i leith na bhfáltas ÁSPC arna mbailiú faoi ioncam Sceideal E.[1] Áirítear le fáltais fhéinmheasúnaithe a íoctar faoi Sceideal D (ioncam féinfhostaithe) an cháin ioncaim, an Muirear Sóisialta Uilíoch (MSU) agus an tÁrachas Sóisialta Pá-Choibhneasa (ÁSPC). Déanann na Coimisinéirí Ioncaim íocaíocht amháin gach mí leis an Roinn i leith na bhfáltas ÁSPC a bhaineann le hioncam Sceideal D.[2] Roinnt íocaíochtaí a fhaigheann na Coimisinéirí Ioncaim i bhfoirm den sórt sin, ní féidir idirdhealú a dhéanamh láithreach idir an ÁSPC agus an cháin ioncaim atá san áireamh iontu. Cuirtear scoilteadh réamhshocraithe, arna ríomh ag Brainse Staitisticí agus Taighde Eacnamaíoch na gCoimisinéirí Ioncaim, i bhfeidhm ar na méideanna sin lena chinneadh cá mhéad a íocfar leis an Roinn go heatramhach i ndáil le ÁSPC. Ríomhtar méid comhardaithe a luaithe a bhíonn fáil ar na sonraí ioncaim deiridh.

**20.46** Tá tugtha i léaráid in Iarscríbhinn 20D léargas ginearálta ar an bpróiseas bailithe agus réitigh ÁSPC. Déantar foráil sa mheabhrán tuisceana go dtabharfaidh na Coimisinéirí Ioncaim míniú, nuair is féidir, ar dhifríochtaí mínormálta sna híocaíochtaí a dhéantar leis an Roinn. Bíodh sin mar atá, ní ann d'aon phróiseas struchtúrtha le faisnéis faoina leithéid d'imeachtaí ó na réamhaisnéisí a chomhroinnt idir an Roinn agus na Coimisinéirí Ioncaim.

**20.47** Cuireann an Roinn na fáltais ÁSPC i gcomparáid leis na réamhaisnéisí ar bhonn míosúil. Nuair a thugtar imeachtaí ó na réamhaisnéisí sin faoi deara, is iondúil go gcuireann Aonad Meastachán na Roinne glao ar na Coimisinéirí Ioncaim chun an chúis leis an athrú a fháil amach. Uaireanta tógann sé tamall fada a dhéanamh amach céard ba chúis leis na himeachtaí de bharr go gcomhdaíonn daoine féinmheasúnaithe a dtuairisceáin chánach nach mór bliain i riaráiste agus nach ndéanann na Coimisinéirí Ioncaim anailís ar na tuairisceáin sin go dtí an bhliain dár gcionn.

1 Tá san áireamh i bhfáltais ÁSPC Sceideal E stiúrthóirí féinfhostaithe a dhéanann ÁSPC a chomhdú agus a íoc ar bhonn atá cosúil le ranníocóirí fostaithe.

2 Ach amháin i mí na Samhna nuair a dhéantar íocaíocht eatramhach go luath i ndiaidh an dáta íocaíochta i gcomhair íocaíochtaí cánach féinfhostaithe.

3 Tháinig deacrachtaí riaracháin chun cinn leis na roghanna sin le linn na tréimhse comhairliúcháin. Ina ainneoin sin, mhol an grúpa gur chóir na roghanna sin a chíoradh tuilleadh.

## Tionscnaimh straitéiseacha

**20.49** D’fhoilsigh an Roinn agus an Roinn Airgeadais *Úsáid struchtúir idirmheánacha agus socruithe féinfhostaíochta: Na himpleachtaí d’Ioncam Árachais Shóisialta agus Cánach* i mí Eanáir 2018. Bhí na Coimisinéirí Ioncaim páirteach sa ghrúpa a chuir an tuarascáil i dtoll a chéile. Bhí sé mar aidhm ag an tuarascáil sainaithint agus measúnú a dhéanamh ar aon chailleadh féideartha cánach agus ÁSPC a d’fhéadfadh tarlú mar thoradh ar struchtúir idirmheánacha agus socruithe áirithe féinfhostaíochta. Moltar sa tuarascáil

- Na difríochtaí idir na rátaí éagsúla árachais shóisialta a laghdú, rud a laghdódh an dreasacht airgid.
- Eolas soiléir a chur ar fáil don phobal le go mbeadh idir oibrithe agus fhostóirí ar an eolas faoi na meicníochtaí ar féidir leo leas a bhaint astu. Mar thoradh ar an moladh sin, chuir an Roinn tús le feachtas fógraíochta i mí na Bealtaine 2018 d’fhonn seirbhísí na Rannóige Scóipe ó thaobh cinntí aicmithe árachais shóisialta de a chur chun cinn.
- Breathnú ar cé chomh hindéanta is a bheadh sé caitheamh leis an oibrí mar ranníocóir aicme A agus an ranníocaíocht fostóra a fhágáil faoi úsáideoir deiridh na seirbhíse ábhartha, agus breathnú ar cé chomh hindéanta is a bheadh sé caitheamh le híocaíochtaí, arna ndéanamh ag úsáideoir deiridh le haicmí sainithe idirghabhálaithe nó le haicmí sainithe daoine aonair, amhail is dá mb’íocaíochtaí iad a rinneadh leis an oibrí agus iad faoi dhliteanas cánach faoi Sceideal E dá bhrí sin.[3]

**20.50** I gcláir chomhlíonta na gCoimisinéirí Ioncaim tá fócas ar leith ar na rioscaí a bhaineann leis an bhféinfhostaíocht bhréagach. Is iondúil go dtéann na Coimisinéirí Ioncaim i ngleic le rioscaí a bhaineann le féinfhostaíocht bhréagach tríd an Aonad Comh-Imscrúduithe. Aithnítear gurb earnáil rí-ardriosca í an earnáil foirgníochta, agus rioscaí ann go ndéanfaí idir cháin agus árachas sóisialta a imghabháil.[1]

**20.51** I mí Feabhra 2018 bhunaigh an tAire Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe meitheal oibre idir-rannach le breathnú agus tuairisciú ar roghanna i dtaobh an MSU agus an ÁSPC a chónascadh faoi bhrat aon chánach amháin. Luadh simpliú na gcóras cánachais agus árachais shóisialta sna téarmaí tagartha.

## Conclúidí agus moltaí

**20.52** Ní ann d’aon ranníocaíocht fostóra i gcás ranníocóirí ÁSPC in aicme S. Cruthaíonn sé sin dreasú eacnamaíoch do dhaoine aonair áirithe dul leis an bhféinfhostaíocht go míchuí. Cé go ndeirtear go bhfuil athrú tagtha ar chaidrimh fostaíochta, níor tháinig aon mhéadú suntasach ar an sciar de na hoibrithe a bhí in aicme S den ÁSPC le 10 mbliana anuas.

**20.53** Thug an Roinn faoi athbhreithniú píolótach ar stiúrthóirí cuideachta agus bhain de thátal as nár ghá a leithéid d’athbhreithniú a dhéanamh in athuair. Úsáideadh fráma samplála an-teoranta le bonn eolais a chur faoin gcinneadh sin. Cé nach raibh sé beartaithe a bheith ina shampla ionadaíoch iomlán, is iondúil nár cheart scéal a dhéanamh de do bharúil nuair nach ndearna tú athbhreithniú ach ar 13 duine aonair san iomlán.

1 Cuireadh foghrúpa foirgníochta ar bun nuair a bhí an tuarascáil ar na struchtúir idirmheánacha á cur le chéile agus d’fhan sé i mbun gnó go dtí gur cuireadh an tuarascáil i gcrích.

**20.55** Tá deis ann don Roinn cur lena cuid gníomhaíochtaí comhlíonta. Thar aon ní eile, cé go n-eisíonn Rannóg Scóipe na Roinn thart ar 1,000 cinneadh gach uile bhliain, ní dhéanann athbhreithniú ar an gcaoi a bhfuil daoine aicmithe de ghnáth. Tháinig méid suntasach cásanna míaicmithe chun solais mar thoradh ar na himscrúduithe spriocdhírithe a rinne an tAonad Imscrúduithe Speisialta agus an tAonad Comh-Imscrúduithe san earnáil foirgníochta le gairid.

### Moladh 20.1

Ba chóir don Roinn machnamh a dhéanamh ar chlár athbhreithnithe randamacha ar aicmiú ÁSPC a thabhairt isteach. Thabharfadh clár den sórt sin dearbhú de shaghas éigin don Roinn go mbíonn daoine aicmithe i gceart ó thaobh ÁSPC de, go háirithe i gcás ranníocóirí féinfhostaithe, chomh maith le meastachán ar an mbonnlíne caillteanais ioncaim. D’fhéadfadh sé go mbeadh an clár athbhreithnithe sin ina dhíspreagadh freisin, rud atá tábhachtach go leor ós rud é gur faoin bhfostóir atá sé a chinntiú go ndéantar a chuid oibrithe a aicmiú i gceart ó thaobh ÁSPC de tráth a dtosaíonn siad san fhostaíocht.

#### Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta

Aontaithe go páirteach.

Tar éis don Roinn feachtas feasachta ar an bhféinfhostaíocht bhréagach a rith i mí na Bealtaine 2018, tá an Roinn anois ag géarú ar a iarrachtaí. Chuige sin, tá an Chigireacht Leasa Shóisialta agus an tAonad Imscrúduithe Speisialta chun tabhairt faoi roinnt mhaith imscrúduithe ar fhostóirí go déanach in 2018 agus in 2019 agus béim ar leith á leagan acu ar inárachaitheacht chun críocha ÁSPC. I measc na n-imscrúduithe sin beidh imscrúduithe ar leith dírithe ar chásanna féinfhostaíochta bréagaí a aithint agus glactar leis dá bhrí sin go dtiocfaidh méadú ar líon na n-iarratas ar chinntí a chuirfear chuig an Rannóg Scóipe. D’fhéadfaí sampláil randamach a úsáid dá nglacfaí le cur chuige spriocdhírithe i leith athbhreithnithe agus dá mbeadh a leithéid d’athbhreithnithe bunaithe ar earnálacha tionscail agus ar fhaisnéis a fhaightear, m.sh. cuideachtaí a thuairiscítear don Rannóg Scóipe/don Roinn le linn an fheachtais feasachta agus ar bhonn leanúnach. Leanfar ar aghaidh leis an obair sin amach anseo agus díreoidh an Roinn ar gach gné den ÁSPC.

**20.56** Ní raibh an Roinn in ann sonraí earnála a chur ar fáil maidir le ranníocóirí ÁSPC féinfhostaithe. Ina theannta sin, ní raibh fáil éasca ar mhiondealú ar na fáltais ÁSPC de réir aicme.

### Moladh 20.2

Ba chóir don Roinn machnamh a dhéanamh ar shonraí earnála faoi ranníocóirí féinfhostaithe agus sonraí faoi fháltais de réir aicme a chur i dtoll a chéile d’fhonn anailís a dhéanamh ar threochtaí. Cabhróidh an t-eolas sin leis an Roinn maoirseacht a dhéanamh ar an réimse seo. D'fhéadfadh sé go gcabhródh sé le gníomhaíocht chomhlíonta na Roinne freisin agus go gcuirfeadh ar a cumas treochtaí atá ag teacht chun cinn a aithint.

#### Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta

Aontaithe.

Is é an chaoi a bhfuil cúrsaí faoi láthair ná go ndéanann na Coimisinéirí Ioncaim na sonraí earnála tionscail (NACE) a thiomsú maidir le fostóirí agus daoine féinfhostaithe araon, ach ní chuirtear ach na sonraí maidir le fostóirí ar fáil don Roinn.

Déanfaidh an Roinn teagmháil leis na Coimisinéirí Ioncaim d'fhonn na meiteashonraí maidir le daoine féinfhostaithe a fháil, d'fhonn a chinntiú go gcuirfear sonraí earnála (NACE) agus anailísí ábhartha eile ar fáil don Roinn, agus d'fhonn breathnú ar a mhéad a d'fhéadfaimis dea-chleachtais anailíseacha a chomhroinnt agus a fhorbairt as lámha a chéile.

Foilsítear miondealú ar ranníocóirí ÁSPC de réir aicme go rialta mar chuid de Thuarascáil Bhliantúil na Roinne ar Fhaisnéis Staitistiúil (Tábla A8), agus tá sé beartaithe ag an Roinn go bhfoilseofar miondealú ar na fáltais ÁSPC de réir aicme in aice leis sin in 2019.

**20.57** Cé go bhfuil idir an Roinn agus na Coimisinéirí Ioncaim ag feidhmiú laistigh de raon an mheabhráin tuisceana, tá easpa sonraí sa mheabhrán maidir le próiseas réitigh na bhfáltas ÁSPC. Mar shampla, ní leagtar síos aon amlíne le haghaidh míniú a thabhairt ar dhifríochtaí.

**Moladh 20.3**

Mar chuid den athbhreithniú bliantúil a dhéantar ar an meabhrán tuisceana, moltar gur chóir leasú a dhéanamh ar an meabhrán le próiseas struchtúrtha a chur leis le plé a dhéanamh le ceisteanna ar dhifríochtaí sa ÁSPC a bhailítear i gcomparáid leis na fáltais mheasta. Ba chóir go mbeadh struchtúr idirchaidrimh, meicníocht fhoirmiúil um cheisteanna a logáil agus spriocamanna freagartha san áireamh ina leithéid de phróiseas. Maidir leis an meastachán a úsáidtear leis an scoilteadh réamhshocraithe a shocrú, ba chóir go ndéanfaí machnamh chomh maith ar a fhiúntaí a bheadh sé meicníocht a bhunú trína bhféadfadh na Coimisinéirí Ioncaim an bunús a bhíonn leis an meastachán sin a chomhroinnt leis an Roinn. Cuirfidh comhar agus comhroinnt eolais sa réimse seo bonn láidir faoi phróiseas réamhaisnéisithe na Roinne.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaithe.

Déanann grúpa ardleibhéil, atá comhdhéanta d'oifigigh shinsearacha de chuid na Roinne agus na gCoimisinéirí Ioncaim, athbhreithniú bliantúil ar fheidhmiú an mheabhráin tuisceana. Pléifidh an grúpa ardleibhéil sin struchtúr foirmiúil idirchaidrimh um cheisteanna a logáil maidir le difríochtaí sa ÁSPC a bhailítear. Rachaidh an Roinn i gcomhar leis na Coimisinéirí Ioncaim le breathnú ar a mhéad a d'fhéadfaidís dea-chleachtais samhaltaithe agus réamhaisnéisithe a chomhroinnt agus a fhorbairt as lámha a chéile. Beidh deiseanna ann mar gheall ar an gclár nuachóirithe ÍMAT le sonraí a mhalartú idir na Coimisinéirí Ioncaim agus an Roinn ar bhealach níos tráthúla.

**Freagra ó Chathaoirleach na gCoimisinéirí Ioncaim**

Aontaithe go páirteach.

Is féidir leis na Coimisinéirí Ioncaim faisnéis fhíorasach faoi na méideanna a bhailítear agus na dátaí a mbailítear iad a chur ar fáil ach ní fúinne atá sé míniú a thabhairt ar imeachtaí ó réamhaisnéisí na Roinne toisc nach bhfuil baint ná páirt againn leis an bpróiseas réamhaisnéisithe. Aontaíonn na Coimisinéirí Ioncaim próiseas struchtúrtha a chur i bhfeidhm le ceisteanna a logáil agus freagraí a thabhairt orthu. Ós rud é go bhfuil tuairisciú fíorama ÍMAT le tabhairt isteach an 1 Eanáir 2019, mar a fhoráiltear leis an Acht Airgeadais, 2017, ba chóir go gcuirfí an córas nua sin san áireamh in aon nósanna imeachta nua. Feabhsófar cáilíocht agus tráthúlacht na sonraí leis sin de bharr go bhfaighidh na Coimisinéirí Ioncaim sonraí faoi asbhaintí ÁSPC i leith gach duine fostaithe (toisc go mbeidh

ar fhostóirí ranníocaíochtaí fostaí agus fostóra araon a thuairisciú) gach uair a íoctar an duine sin. Faoi láthair déanann an fostóir tuairisceán míosúil (más íocóir míosúil é) faoi lár na míosa dár gcionn, rud a chuireann moill shuntasach leis an bpróiseas ar fad. Tar éis an córas nua a thabhairt isteach gheofar eolas ar asbhaintí ÁSPC i bhfad níos luaithe sa phróiseas agus beidh an Roinn agus an Roinn Airgeadais in ann réamhaisnéisí a dhéanamh ar bhealach níos cruinne agus níos gasta.

## Iarscríbhinn 20A

### Fíor 20A.1 Aicmí ÁSPC — 2018

| Aicme | Na rátaí is infheidhme[a] | | Clúdaíonn |
|---|---|---|---|
| | Duine aonair | Fostóir | |
| A | 4% | 10.85% | Fostaithe atá faoi bhun 66 bliain d'aois i bhfostaíocht thionsclaíoch, tráchtála agus seirbhíse ar mó a bpá inríofa ó gach fostaíocht ná €38 in aghaidh na seachtaine, chomh maith le fostaithe de chuid na seirbhíse poiblí a earcaíodh ón 6 Aibreán 1995 i leith. |
| B | 4% | 2.01% | Buan-státseirbhísigh inphinsin a earcaíodh roimh an 6 Aibreán 1995, dochtúirí agus fiaclóirí cláraithe atá fostaithe sa státseirbhís agus Gardaí a earcaíodh roimh an 6 Aibreán 1995. |
| C | 4% | 1.85% | Oifigigh choimisiúnaithe de chuid Óglaigh na hÉireann agus baill de sheirbhís altranais an airm a earcaíodh roimh an 6 Aibreán 1995. |
| D | 4% | 2.35% | Buanfhostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí, seachas iad siúd atá luaite in aicmí B agus C, a earcaíodh roimh an 6 Aibreán 1995. |
| E | — | — | Ministir reiligiúin atá fostaithe ag comhlacht ionadaíoch Eaglais na hÉireann. |
| H | 3.9% | 10.15% | Oifigigh neamhchoimisiúnaithe agus pearsanra liostáilte sna fórsaí cosanta. |
| J | Nialas | 0.5% | Daoine i bhfostaíochtaí san earnáil phríobháideach ar lú a bpá inríofa ó gach fostaíocht ná €38 in aghaidh na seachtaine. Bíodh sin mar atá, tá líon beag fostaithe ann atá inárachaithe in aicme J beag beann ar an méid a thuilleann siad, amhail fostaithe atá 66 bliain d'aois nó níos sine nó daoine atá i bhfofhostaíocht. |
| K | 4% | Nialas | Ó 2011 i leith, íocann sealbhóirí áirithe oifige poiblí ÁSPC ar ráta 4% ar gach ioncam sa chás gur mó a gcuid ioncaim ná €5,200 sa bhliain. Sealbhóirí oifige poiblí nach mó a gcuid ioncaim ná €100 sa tseachtain, ba chóir iad a chur in aicme M. |
| M | Nialas | Nialas | Daoine ar nialas a ndliteanas ranníocaíochta, amhail fostaithe atá faoi bhun 16 bliana d'aois, daoine atá 66 bliain d'aois nó os a chionn (lena n-áirítear iad siúd a bhí in aicme S roimh ré), daoine atá ag fáil pinsean ceirde nó íocaíochtaí scoir cnapshuime agus sealbhóirí oifige poiblí nach mó a gcuid ioncaim ná €100 sa tseachtain. |
| P | — | — | Daoine féinfhostaithe a dtagann a bpríomhioncam ó iascaireacht i bpáirt. |
| S | 4% | Nialas | Daoine féinfhostaithe, lena n-áirítear stiúrthóirí cuideachta áirithe, daoine áirithe a fhaigheann ioncam ó infheistíochtaí agus ó chíos, agus comhaltaí áirithe údaráis áitiúil. |

Foinse: An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

Nóta: a Braitheann an ráta is infheidhme ar an bpá seachtainiúil. Is iad na rátaí is infheidhme thuas an ráta is airde is iníoctha i ngach cás.

**Fíor 20A.2 Achoimre ar na sochair is infheidhme i ngach aicme árachais — an 31 Nollaig 2017**

| Sochar / Aicme | A | B, C, D | E | H | J, M | P | S |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sochar cuardaitheora poist | ✓ | | | ✓ | | ✓[b] | |
| Sochar breoiteachta | ✓ | | ✓ | ✓ | | ✓[b] | |
| Sochar máithreachais | ✓ | | ✓ | ✓ | | | ✓ |
| Sochar atharthachta | ✓ | | ✓ | ✓ | | | ✓ |
| Sochar uchtaíoch | ✓ | | ✓ | ✓ | | | ✓ |
| Sochar sláinte agus sábháilteachta | ✓ | | ✓ | ✓ | | | |
| Pinsean easláine | ✓ | | ✓ | ✓ | | | ✓ |
| Sochar baintrí, baintrí fir nó páirtnéara shibhialta mharthanaigh (Ranníocach) | ✓ | ✓ | ✓ | ✓[c] | | | ✓ |
| Íocaíocht caomhnóra (ranníocach) | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | ✓ |
| Pinsean stáit (ranníocach) | ✓ | | ✓ | ✓ | | | ✓ |
| Sochar cóireála | ✓ | | ✓ | ✓[c] | | ✓ | ✓ |
| Sochar díobhálacha ceirde | ✓ | ✓[a] | | | ✓ | | |
| Sochar cúramóra | ✓ | ✓ | ✓ | ✓[c] | | | |
| Sochar cumais pháirtigh | ✓ | | ✓ | ✓ | | | ✓ |

Foinse: An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

Nótaí:
a Tá teorainn leis na sochair díobhálacha ceirde a bhíonn ar fáil do dhaoine gortuithe faoi aicme B agus ní bhíonn aon sochair dá leithéid ar fáil do dhaoine faoi aicme C.
b Tá teorainn leis an Sochar Cuardaitheora Poist agus leis an Sochar Breoiteachta dóibh siúd atá árachaithe faoi aicme P.
c Ní híoctar ach an sochar baintrí, baintrí fir nó páirtnéara shibhialta mharthanaigh (ranníocach), an sochar cóireála agus an sochar cúramóra, agus na sochair sin amháin, le linn seirbhíse leo siúd atá árachaithe faoi aicme H.

## Iarscríbhinn 20B

**Fíor 20B.1 Léiriú ar thionchar na fostaíochta, na féinfhostaíochta agus struchtúr corparáideach ar an méid cánach agus ÁSPC is iníoctha**

| | Cás 1<br>ÍMAT | Cás 2<br>Féinfhostaithe | Cás 3<br>Trí struchtúr cuideachta |
|---|---|---|---|
| | € | € | € |
| Ioncam | 100,000 | 100,000 | 100,000 |
| Costais incheadaithe | — | 10,550 | 10,550 |
| Tuarastal | — | — | 80,000 |
| Ioncam iomlán tar éis costas | 100,000 | 89,450 | 9,450 |
| **Lúide cáin chorparáide @ 12.5%** | **—** | **—** | **1,181** |
| Brabús tar éis cánach | — | — | 8,269 |
| Cáin iníoctha ag 20% (suas le €34,550) | 6,910 | 6,910 | 6,910 |
| Cáin iníoctha ag 40% (an chuid eile) | 26,180 | 21,960 | 18,180 |
| Iomlán na cánach is iníoctha | 33,090 | 28,870 | 25,090 |
| ***Creidmheasanna cánach:*** | | | |
| Creidmheas cánach do dhuine singil | (1,650) | (1,650) | (1,650) |
| Creidmheas cánach d'fhostaí | (1,650) | | |
| Creidmheas Cánach d'Ioncam Tuillte | | (1,150) | (1,150) |
| **= cáin dlite ar an tuarastal** | **29,790** | **26,070** | **22,290** |
| **Cáin ar dháileadh an bhrabúis @ 40%** | **—** | **—** | **3,308** |
| **ÁSPC** | | | |
| ÁSPC an Fhostaí ag 4% | 4,000 | 3,578 | 3,200 |
| ÁSPC an Fhostóra ag 10.85% | 10,850 | — | — |
| **Iomlán an ÁSPC dlite** | **14,850** | **3,578** | **3,200** |
| **Iomlán na cánach agus an ÁSPC dlite** | **44,640** | **29,648** | **29,979** |

Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí:

a Seo a leanas na costais inlamhála atá sa sampla: costais reatha feithiclí €3,000; liúntas caipitil (feithicil) €3,750; ús ar iasacht ghnó €2,000; táillí dlí agus cuntasaíochta €1,000; táillí bainc €300; agus táillí fóin €500.

b Úsáidtear na creidmheasanna cánach agus na rátaí cánach atá i réim in 2018.

c Glactar leis i ngach ceann de na 3 chás gur le duine singil a bhaineann na tairseacha agus na creidmheasanna cánach.

d I gcás 3, glactar leis gur féinfhostaithe atá an duine atá ag fáil an tuarastail. Níl an formhuirear dlúthchuideachta curtha san áireamh san fhíor. Glactar leis go ndéantar iomlán an bhrabúis tar éis cánach a dháileadh.

e Glactar leis go bhfuil struchtúr na cuideachta ar aon dul le struchtúr PSC/MSC.

f Níl an MSU san áireamh sna samplaí thuas.

g Is iondúil go n-íocann an fostóir na costais inlamhála i leith fostaí. Bíodh sin mar atá, sa chás nach n-íocann an fostóir na costais go díreach nó nach n-aisíocann leis an bhfostaí iad, féadann an fostaí asbhaint cánach ioncaim a éileamh.

## Iarscríbhinn 20C Na critéir le húsáid lena mheas an bhfuil duine féinfhostaithe

**Cé go bhféadfadh sé nach mbainfeadh na fachtóirí uile seo a leanas le post ar leith, mheasfaí go bhfuil duine féinfhostaithe de ghnáth dá mb'fhíor na ráitis seo a leanas:**


- Tá a g(h)nólacht féin aige/aici.
- Tá a c(h)uid airgid féin faoi phriacal i ngeall ar go mbeidh sé/sí freagrach as aon obair lochtach nó fhochaighdeánach a réiteach faoin gconradh.
- Tá sé/sí freagrach as cúrsaí infheistíochta agus bainistíochta sa ghnólacht.
- Bíonn an deis aige/aici brabús a dhéanamh as gníomhaíochtaí agus tascanna a bhainistiú go fónta.
- Tá sé/sí i gceannas ar an obair ar fad; céard a dhéantar, cén chaoi a ndéantar é, an t-am agus an áit a ndéantar é, agus cé acu an ndéanann sé/sí féin an obair go pearsanta.
- Is féidir leis/léi daoine eile a fhostú ar a t(h)éarmaí féin chun tabhairt faoin obair a aontaíodh a dhéanfaí.
- Is féidir leis/léi na seirbhísí céanna a chur ar fáil do níos mó ná aon duine nó aon ghnólacht amháin ag an am céanna.
- Cuireann sé/sí na hábhair ar fáil chun an jab a dhéanamh.
- Cuireann sé/sí trealamh agus innealra atá riachtanach chun an jab a dhéanamh ar fáil, seachas uirlisí beaga na ceirde nó trealamh nach dtabharfadh le fios i gcomhthéacs foriomlán go bhfuil an duine sin ag seoladh gnó ar a chuntas féin.
- Tá áit sheasta ghnó aige/aici inar féidir ábhair, trealamh, srl. a stóráil.
- Déanann sé/sí costas an jab a mheas agus a aontú.
- Faigheann sé a chlúdach árachais féin, m.sh. árachas dliteanais phoiblí, srl.
- Oibríonn sé na huaireanta is gá le hoibleagáidí an jab a chomhlíonadh.

**Fachtóirí breise le cur san áireamh:**

- Go ginearálta shásódh duine aonair féinfhostaithe na treoirlínte thuas, murach sin bheadh sé ina fhostaí sa ghnáthchúrsa.
- Fiú má tá duine aonair cláraithe le haghaidh féinmheasúnú nó CBL faoi phrionsabail an fhéinmheasúnaithe, ní fhágann sé sin i ngach uile chás gur duine féinfhostaithe é.
- I gcás sealbhóir oifige, amhail stiúrthóir cuideachta, gearrfar cáin air faoin gcóras ÍMAT. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar Rannóg Scóipe na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí na téarmaí agus coinníollacha a chíoradh leis an aicme iomchuí ÁSPC a chinneadh.
- Ba chóir a thabhairt faoi deara, i gcás duine atá ina chonraitheoir féinfhostaithe i jab amháin, nach gá go mbeadh sé féinfhostaithe ina chéad jab eile. Ina theannta sin is féidir a bheith féinfhostaithe agus fostaithe ag an am céanna i bpoist dhifriúla.
- Ar chúiseanna sláinte agus sábháilteachta, tá gach duine aonair faoi threoir an mhaoir láithreáin sa tionscal foirgníochta. Is é an duine féinfhostaithe atá i gceannas ar an modh a úsáidfear leis an obair á déanamh.

Foinse: An Cód Cleachtais um Stádas Fostaíochta nó Féinfhostaíochta Daoine Aonair a Chinneadh – An Grúpa um Stádas Fostaíochta a cuireadh ar bun faoin gClár um Rathúnas agus Cothroime. Arna leasú chun dáta ag an nGrúpa Maoirseachta ar an nGeilleagar Dubh in 2007.

## Iarscríbhinn 20D Léargas ginearálta ar bhailiú agus réiteach na bhfáltas ÁSPC




Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Notes:

a Baineann na Coimisinéirí Ioncaim feidhm as micreashamhaltóir cánach, a úsáideann sonraí maicreacnamaíocha ón Roinn Airgeadais, sonraí ó thuairisceáin chánach agus paraiméadair eile, le meastachán a thabhairt ar an gcéatadán a úsáidfear go ceann dhá bhliain mar an scoilteadh réamhshocraithe.

b Faigheann an RGFCS ráiteas cuntais thart ar 3 seachtaine tar éis dheireadh na míosa. Tugtar sa ráiteas míosúil cuntais anailís ar na fáltais bunaithe ar an mbliain féilire ina dtagann na fáltais chun a bheith dlite, rud nach ionann agus an bhliain ranníoca. Mar shampla, baineann na fáltais a thagann chun a bheith dlite i mí Eanáir gach bliain le mí na Nollag sa bhliain roimhe.

c Cuireann an RGFCS sonraí maicreacnamaíocha faoi threochtaí fostaíochta agus pá ón Roinn Airgeadais, chomh maith le sonraí faoi bhailiúcháin i mblianta roimhe, i samhail a úsáidtear leis na fáltais ÁSPC a réamhaisnéisiú don dá bhliain dár gcionn.